
# Tuarascáil an Sparánaí

Is mór agam Ráitis Bhliantúla Airgeadais Ollscoil na hÉireann Má Nuad a chur i láthair don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta lena bhfuil glacadh ginearálta in Éirinn agus leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta (SORP) – Cuntasaíocht don Bhreisoideachas agus don Ardoideachas 2015, ach go bhfuil eisceacht amháin sa chur i láthair, mar atá go ndéantar Deontais Chaipitil Stáit iarchurtha a nochtadh i gcúlchistí seachas laistigh de chreidiúnaithe faoi mar atá molta ag an SORP. Rinne an tÚdarás um Ard-Oideachas cur i láthair na Ráiteas Airgeadais seo a fhaomhadh i gcomhréir le hAlt 39 (i) dAcht na nOllscoileanna, 1997


**1. Athbhreithniú ar an mbliain**

Léiríonn toradh deiridh na bliana barrachas de €0.542m, i gcomparáid le barrachas beag de €0.035m don bhliain roimhe sin. Is é €138m an t-ioncam iomlán, méadú de €11.2m ar an mbliain roimhe sin (sula gcuirtear maoiniú iarchurtha pinsean i gcuntas). As an €11.2m sin, baineann €6m de le méadú ar tháillí na mac léinn agus baineann €2.5m de le hioncam taighde. Is ionann agus €25.8m an cistiú iarchurtha pinsean, méadú de €1.2m le hais na bliana roimhe sin. Is ionann agus €163.8m an caiteachas iomlán,

méadú €12.1m le hais na bliana roimhe sin. Nuair a chuirtear costais iarchurtha pinsin as an áireamh, is ionann agus €10.8m an méadú. Is de bharr méadú de €7.3m ar chostais foirne mar thoradh ar mhéadú ar líon na foirne (45 níos mó ná an bhliain roimhe sin) agus athbhunú pá, méadú de €2.5m ar ghníomhaíocht taighde agus méadú €0.9m ar dhímheas a tharla sé sin den chuid is mó. I bhFíor 1 thíos déantar an t-ioncam do 2017/18 a chur i gcomparáid leis an ioncam do 2016/17 agus i bhFíor 2 déantar comparáid idir an caiteachas do 2017/18 agus an caiteachas do 2016/17.





*Fíor 1. Comparáid idir ioncam ó 2016/17 le hioncam ó 2017/18*




*Fíor 2. Comparáid idir ioncam ó 2016/17 le hioncam ó 2017/18*

## Tuarascáil an Sparánaí (ar lean)

Is iad táillí na mac léinn an phríomhfhoinse ioncaim atá ag ollscoileanna, b'ionann táillí agus 43% den ioncam don bhliain (2017: 43%). Tháinig méadú de €6m ar an ioncam ó tháillí mac léinn go dtí €70.6m arb ionann é agus méadú 9.4% ar an mbliain roimhe sin. B'ionann agus €57m táillí fochéime (2017: €52.6m) agus b'ionann táillí iarchéime agus €10.1m (2017: €9.3m). In 2017/18 d'íoc páirtithe seachas an tÚdarás um Ard-Oideachas €43.9m go díreach leis an ollscoil thar ceann mic léinn. D'íoc an Stát €26.7m mar tháillí mac léinn thar ceann mic léinn, méadú ó €24.8m in 2016/17. Chomh maith leis sin, fuarthas €12m trí *Thacaíocht Chomhchoiteann do Mhic Léinn in Éirinn*, méadú €0.4m ar an mbliain roimhe sin. D'íoc mic léinn neamh-AE €4.5m den €39.8m a d'íoc mic léinn nó a íocadh thar a gceann, (2017: €4.2m). D'fhan an ranníocaíocht aonair ó mhic léinn AE ag
€3,000. Tháinig méadú de €1.9m ar eilimint na 'saorth____' de tháillí mac léinn a íocadh tríd an Údarás um Ard-Oideachas ó €24.8m don bhliain roimhe sin de bharr líon na mac léinn a bheith méadaithe. Spreagann líon na mac léinn an t-ioncam ó tháillí mac léinn agus an t-ioncam ó dheontais Stáit den chuid is mó. I bhFíor 2 thíos déantar comparáid idir iomlán tháillí na mac léinn, líon na mac léinn fochéime agus líon na mac léinn iarchéime do 2017/18 go 2016/17.




*Fíor 2. Comparáid idir táillí na mac léinn agus líon na mac léinn 2016/17 go 2017/2018*

D'fhan ioncam eile comhsheasmhach ag €13m.

Tháinig méadú €25m nó 10% ar an ioncam ó dheontais taighde agus ó thionscadail i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin agus is de bharr timthriall iomlán den Ríomhleabharlann um Thaighde Éireannach (Irel) a chur san áireamh a tharla sé sin. Sholáthair caiteachas iomlán Irel sa bhliain
€13.8m (2017: €11.8m). Tháinig laghdú beag de €0.4m go dtí €8.5m ar thacaíocht ó ghníomhaireachtaí Stáit (gan an Ríomhleabharlann um Thaighde Éireannach a chur san áireamh) (2017:
€8.9m). Tháinig méadú 31% go dtí €2.9m ar chistiú AE (2017: €2.2m). Tá an t-ioncam taighde de €0.3m ó earnáil na tionsclaíochta comhsheasmhach bliain ar bhliain. Tá deismireachtaí na h-ollscoile láidir i gcónaí Thug mé le fios i dTuarascáil an Sparánaí an bhliain seo caite go raibh an ollscoil ag léiriú a tiomantais don taighde trí cheithre cinn d'institiúidí taighde a bhunú agus taighdeoirí sinsearacha a cheapadh chun na hinstitiúidí sin a threorú. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, earcaíodh tuilleadh foirne sna hinstitiúidí taighde lena n-áirítear ceithre cheapachán ar leibhéal ollaimh in Institiúid Hamilton.

Tá comharthaí le feiceáil go bhfuil toradh ar na hinfheistíochtaí sin. Sa ráithe dheiridh de 2018 amháin fuarthas dhá dheontas Comhdhlúthóra ón gComhairle Eorpach um Thaighde arbh fhiú €2m an ceann iad (an tOllamh Kath Brown agus an tOllamh Damien Woods). Chomh maith leis sin, fuair an Dr Joanne Masterson Dámhachtain Uachtarán na hÉireann arna maoiniú ag Fondúireacht Eolaíochta Éireann ar fiú €1.6m í agus fuair an Dr Gerard McCarthy dámhachtain aigéaneolaíochta ar luach €2m arna maoiniú ag Foras na Mara agus ag ERDF. Is fiú a lua freisin gur ainmnigh an Chomhairle um Thaighde in Éirinn an Dr Karen English ó Roinn na Bitheolaíochta mar Thaighdeoir Luathghairme na Bliana. Tá an ollscoil ag súil go mbeidh tuilleadh ratha fós uirthi sna blianta seo amach romhainn.

## Tuarascáil an Sparánaí (ar lean)

B'ionann agus €163.8m an caiteachas athfhillteach don bhliain (€138m gan costais iarchurtha pinsin san áireamh) méadú de €12.1m nó 8% bliain ar bhliain. B'ionann agus €94.8m na costais foirne, méadú de €5.8m nó 6.5% ar 2016/17. Baineann na costais mhéadaithe go príomha le costais phá bhreise de €7.3m mar thoradh ar mhéadú ar líon na foirne (45) agus athbhunú pá, fritháirithe ag laghdú de €1.5m ar chostas phinsin faoi FRS102. Tháinig méadú de €2.7m nó 5.7% ar na costais neamhphá i gcomparáid le 2016/17. Tugann Tábla 1 thíos breac-chuntas ar na príomhghluaiseachtaí i gcostais neamhphá. Is ionann costais neamhphá agus 31% den chaiteachas athfhillteach (2017: 31%). Cuimsíonn an méadú sin €2m de chaiteachas breise ar Irisí na Ríomhleabharlainne um Thaighde a léiríonn an chéad timthriall iomlán costas san ollscoil, €0.9m i gcostais agus i dtáillí eile, a bhaineann le méadú ar líon chúrsaí na mac léinn, cúnamh do mhic línn agus earcaíocht den chuid is mó.

| | 2017/18 | 2016/17 | Athraitheas | Céatadán | Míniú |
|---|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | | |
| Taisteal agus Cothabháil | 2,635 | 2,439 | 196 | 8% | Méadú ar chostais lóistín i gcás mic léinn idirnáisiúnta ar scoil samhraidh a reáchtáladh i Má Nua |
| Fáilteachas agus Féilteachas | 145 | 134 | 11 | 8% | Gan a bheith suntasach |
| Earraí Inchaite | 3,460 | 3,810 | (350) | (9%) | Laghdú de bharr tionscadail mhaoinithe a thabhairt chun críche in 2016/17 |
| Deisiúcháin agus Cothabháil Ghinearálta | 3,832 | 3,702 | 130 | 4% | Athchóirithe forleathana sa bhliain reatha |
| Fóntais | 2,171 | 2,093 | 78 | 4% | Gan a bheith suntasach |
| Glantachán | 1,214 | 1,465 | (251) | (17%) | Costas breise aonuaire an bhliain roimhe sin a bhain le domhainghlanadh árasán agus foirgnimh nua a osclaíodh le linn na bliana |
| Ríomh-Irisleabhair na Leabharlainne Taighde | 13,926 | 11,887 | 2,039 | 17% | An chéad timthriall iomlán bliana de thrádáil laistigh d'Ollscoil Mhá Nuad |
| Leabhair & Tréimhseacháin | 1,443 | 1,358 | 85 | 6% | Gan a bheith suntasach |
| Iniúchadh, Gairmiúil agus Comhairliúchán | 3,063 | 3,453 | (390) | (11%) | Costais bhreise sa bhliain roimhe sin a bhain le dearadh TF agus sainchomhairleoireacht |
| Cíos, Rátaí & Árachas | 2,324 | 2,220 | 104 | 5% | Méadú ar chostais árachais |
| Caipitíocht | 1,687 | 1,833 | (146) | (8%) | Coigeartú mar thoradh ar bhogadh chuig caipitíocht ilbhliantúil ar ráta comhréidh fritháirithe ag caipitíocht bhreise Ollscoil na hÉireann |
| Scoláireachtaí | 5,676 | 6,121 | (445) | (7%) | Laghdú ar íocaíochtaí Erasmus, tháinig deireadh leis an gclár roimhe sin in 2016/17 |
| Trealamh | 2,793 | 2,509 | 284 | 11% | Ceannach bogearraí ríomhaireachta agus athnuachan ar cheadúnais |
| Costais Eile a Bhaineann le Fostaithe | 655 | 490 | 165 | 34% | Táillí comhdhála agus costais a bhí leis an gcomóradh 20 bliain a bunaithe |
| Costas Earcaíochta | 138 | 241 | (103) | (43%) | Earcaíocht acadúil idirnáisiúnta sa bhliain roimhe sin |
| Fógraíocht agus PR | 1,279 | 901 | 378 | 42% | I gcomhréir leis an ngníomhaíocht bhreise i dtaca leis an bhfeachtas maidir le mic léinn idirnáisiúnta agus mic léinn iarchéime |
| Costais agus Táillí Eile | 3,599 | 2,682 | 917 | 34% | Méadú ar tháillí cúrsaí mac léinn, cúnamh do mhic léinn, earcaíocht, agus gníomhaíocht chomhpháirtíochta taighde |
| Iomlán | 50,040 | 47,338 | 2,702 | | |

*Tábla 1: Gluaiseachtaí i gcostais Neamhphá 2016/17 v 2017/18*

## An Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánaigh (ar lean)

B'ionann agus €6.7m an caiteachas caipitil le linn na bliana agus infheistíodh €4.3m i bhfoirgnimh nua agus caitheadh €2.4m ar threalamh caipitil (lena n-áirítear trealamh caipitil i gcomhair taighde). Bhain na méideanna breise de €4.3m le líon tionscadal lena n-áirítear €1m do Chéim 1 agus 2 den Ionad Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta Leagtar amach i Nóta 25 na gealltanais chaipitil ag deireadh na bliana. B'ionann agus €0.7m na gealltanais chaipitil a raibh conradh ann ina leith ar an 30 Meán Fómhair 2018 (2017: €0.5m) agus níl aon chuid de sin á chistiú ag deontais chaipitil ón Stát. B'ionann agus €45.3m na gealltanais údaraithe ar an 30 Meán Fómhair, rud a léiríonn ár dtiomantas don infheistíocht i mbonneagar an champais sna blianta seo amach romhainn Ina measc sin tá €23.4m don Ionad Eolaíochta, Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, €14.8m d'Ionad nua na Mac Léinn agus €5.7m d'áiseanna spóirt.

Is ionann agus €73.3m an t-airgead agus na coibhéisí airgid ar láimh ar an 30 Meán Fómhair 2018, méadú de €4.4m ar an dáta céanna an bhliain seo caite. Míníonn an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid, ar leathanach 26, an ghluaiseacht a eascraíonn go hachomair as glan-insreabhadh airgid de €9.5m ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin (2017: €9.6m) fritháirithe ag maoiniú tionscadal caipitil de €2.7m (2017: €7.4m) agus ús de €1.5m íoctha (2017: €1.5m) agus aisíocaíocht €0.9m ar an iasacht ón BEI (2017: Náid). San áireamh sna hiarmhéideanna airgid ag deireadh na bliana tá €44.3m a bhaineann le hiasacht BEI. Caithfear na cistí sin ar thionscadail chaipitil údaraithe a dtugtar breac-chuntas orthu thuas.

Tháinig laghdú de €3m go dtí €13.8m ar leibhéal foriomlán na bhféichiúnaithe agus na réamhíocaíochta ó €16.8m sa bhliain roimhe sin. Mínítear an laghdú seo den chuid is mó trí laghdú de €2.8m in infháltais eile, a bhaineann le €1.5m do IReL agus €1m d'ioncam fabhraithe ó thabharthas agus fuarthas an dá cheann i rith na bliana. Tá an méadú ar dheontas athfhillteach stáit de €1.4m fritháirithe ag laghdú de €1.2m sa deontas stáit infhála. Tá breac-chuntas agus míniú ar na gluaiseachtaí iomlána i dTábla 2 thíos.

| | 2017/18 €'000 | 2016/17 €'000 | Athraitheas €'000 | Céatadán | Míniú |
|---|---|---|---|---|---|
| Tionscadail Infhála | 3,128 | 2,983 | 145 | 5% | Méadú ar thionscadail atá curtha i gcrích agus a bhfuil íocaíochtaí ar feitheamh ina leith |
| Cuntais Infhála | 2,687 | 2,722 | (35) | (1%) | Gan aon athraitheas ábhartha |
| Réamhíocaíochtaí | 5,384 | 5,660 | (276) | (5%) | Sonraisc aonuaire faoi leith sa bhliain roimhe sin |
| Iasachtaí Tithíochta Foirne | 14 | 32 | (18) | (56%) | Gan a bheith suntasach |
| Féichiúnaithe Eile | 469 | 3,265 | (2,796) | (86%) | San áireamh sa bhliain roimhe sin bhí féichiúnaí IReL de €1.5M agus ioncam fabhraithe ó thabharthas de €1m |
| Deontas Caipitil Stáit | 300 | 1,520 | (1,220) | (80%) | Iarmhéid dlite le haghaidh cistiú caipitil ón ÚAO d'Fhoirgneamh TEC |
| Táillí Acadúla Infhaighte | 377 | 626 | (249) | (40%) | Méadú ar fhéichiúnaithe mar gheall ar líon na mac léinn fritháirithe ag méadú sa soláthar do dhrochfhiach |
| Deontas Stáit Dlite | 1,424 | - | 1,424 | 100% | Croídheontas ÚAO dlite - uainiú fáltas |
| Iomlán | 13.783 | 16,808 | (3,025) | | |

*Tábla 2: Féichiúnaithe agus réamhíocaíochtaí amhail ar an 30.9.2018 vs 30.9.2017*

## Tuarascáil an Sparánaí (ar lean)

**3. An Todhchaí**

Le linn 2016/17 thug Ollscoil Mhá Nuad curaclam nua isteach, d'aois nua atá ceaptha chun céimithe a ullmhú níos fearr do shaol na hoibre agus don saol mór. Chomh maith leis sin, bhunaigh an ollscoil ceithre cinn d'Institiúidí Taighde fócasaithe atá nasctha le misean teagaisc na hollscoile. Tá clár uaillmhianach um fhorbairt campais faoi lán seoil agus tá plean straitéiseach nua á mhaoiniú ag an ollscoil. Dearbhaíonn Plean Straitéiseach Ollscoil Mhá Nuad 2018-22 an ollscoil mar "ollscoil phoiblí atá tiomanta do dhaoine, do smaointe agus don chultúr" agus atá "lárnach maidir le nuálaíocht, fás geilleagrach, forbairt shóisialta agus beogacht chultúrtha, agus atá ríthábhachtach do shochaí atá saor, oscailte, cothrom, daonlathach agus inbhuanaithe". San áireamh sa phlean tá spriocanna straitéiseacha soiléire agus na gníomhartha chun iad a bhaint amach faoi 13 phríomh-cheannteideal. Samhlaítear sa phlean go leanfaidh líon na mac léinn ag fás go háirithe líon na mac léinn iarchéime agus taighde, ag tógáil ar an rath a bhí ar bhfás ar líon na bhfochéimithe le deich mbliana anuas. As an 21,000 mac léinn breise i gCóras Ollscoile na hÉireann le deich mbliana anuas, tá beagnach duine as gach ceathrar acu i mbun staidéir in Ollscoil Mhá Nuad. Tá pleananna uaillmhianacha ann chun freastal ar fhás breise suas go dtí an bhliain 2030. Níl de rogha ar fhás níos mó ar Ollscoil Mhá Nuad ach rochtain ar an ollscoil a shéanadh ar mhórán mac léinn. Ní chuirfeadh sé sin leas na tíre chun cinn.

Treo nua don ollscoil ba ea an comhaontú a rinneadh i mbliana dul i mbun comhpháirtíochta le hOllscoil Fuzhou maidir le Coláiste Idirnáisiúnta Innealtóireachta a bhunú chun dámhachtainí céime san Innealtóireacht agus sa ríomheolaíocht a thairiscint sa tSín. Táthar ag súil go mbeidh 1,200 mac léinn á gcur léi sna ceithre bliana seo amach romhainn agus go mbeidh 300 fochéimí ag tosú i mí Mheán Fómhair 2019. Is dea-chomhartha don todhchaí an méid sin.

Le linn na bliana, chuir an ollscoil isteach ar Dhámhachtain Chré-Umha Athena Swan agus bronnadh an dámhachtain sin uirthi, rud a léiríonn tiomantas na hollscoile don chomhionannas inscne. Comhghairdeas le gach duine a raibh baint acu leis an éacht sin. Tá an ollscoil ag tnúth le dámhachtainí airgid agus fiú dámhachtainí óir a bhaint amach sna blianta seo amach romhainn.

Tá Ollscoil Mhá Nuad feasach ar an gcostas a bhaineann le hoideachas treasach in Éirinn agus an costas sin ag ardú agus ar na dúshláin a chuireann sé sin roimh theaghlaigh agus roimh mhic léinn - ó thaobh costas rochtana de agus ó thaobh torthaí gairme ó thuilleamh ar feadh an tsaoil. Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, ba í Ollscoil Mhá Nuad an chéad ollscoil, agus go dtí seo, an t-aon ollscoil, a thoiligh go deonach le teorainn 4% bliain ar bhliain a chur ar arduithe cíosa i dtaca le lóistín do mhic léinn ag faoi úinéireacht na hollscoile. Má thugann an tionscnamh seo rochtain ar oideachas do mhac léinn imeallaithe amháin fiú, is fiú é.

**4. Conclúid**

Rinne an ollscoil a cuid gnóthaí a bhainistiú go maith arís eile in 2017/18. Leanfaimid de bheith ag bainistiú an bhoinn costais atá againn sna cúinsí deacra airgeadais atá ann faoi láthair. Tugaim aitheantas don fheabhas beag atá tagtha ar mhaoiniú poiblí don ardoideachas ach tá gá i bhfad níos mó fós a dhéanamh. Féadfaidh léitheoirí a bheith muiníneach go bhfuil an ollscoil dírithe i gcónaí ar a croíghníomhaíochtaí teagaisc agus taighde, ar a caighdeáin acadúla, ar cháilíocht eispéireas na mac léinn agus ar chur chun feidhme a Plean Straitéise nua do 2018-22.

Is mian liom buíochas a ghlacadh leis an bhfoireann i m'oifig as ucht a gcuid iarrachtaí maidir leis na Ráitis Airgeadais seo a chríochnú go pras. Tá mé an-mhórtasach as m'fhoireann agus chuir a gcuid iarrachtaí, go háirithe le ceithre mhí anuas, alltacht orm.

______________________________ ______________________________

An Dr Mike O'Malley Dáta
Sparánaí

# An Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánaigh (ar lean)

**1. Cruinnithe agus tinreamh ag an Údarás Ceannais**

Tháinig an tÚdarás Ceannais le chéile sé huaire i rith na bliana. Tá Comhaltas iomlán an Údaráis Ceannais agus taifead ar a dtinreamh ag cruinnithe le linn na bliana leagtha amach i dTábla 3 thíos.

| | Comhalta den Údarás Ceannais | Líon na gCruinnithe a bhfuiltear i dTeideal | Líon na gCruinnithe a nDearnadh Freastal Orthu | An Céatadán Freastail |
|---|---|---|---|---|
| **Cathaoirleach (1)** | An Banbharún Nuala O'Loan | 6 | 6 | 100% |
| **Ex Officio (3)** | An tOllamh Philip Nolan<br>An tOllamh Aidan Mulkeen<br>An Dr Mike O'Malley | 6<br>6<br>6 | 5<br>6<br>6 | 83%<br>100%<br>100% |
| **Comhaltaí den fhoireann acadúil atá ina nOllúna nó ina nOllúna Comhlacha (2)** | An tOllamh Chris Morris<br>An tOllamh Sharon Todd | 6<br>6 | 6<br>6 | 100%<br>100% |
| **Comhaltaí buana nó lánaimseartha den fhoireann acadúil seachas Ollúna nó Ollúna Comhlacha (4)** | An tUasal Séamus Taylor<br>An Dr Úna Crowley<br>An Dr Jeneen Naji<br>An Dr Anthony Malone | 6<br>6<br>6<br>6 | 6<br>5<br>6<br>6 | 100%<br>83%<br>100%<br>100% |
| **Fostaithe buana nó lánaimseartha de chuid na hollscoile nach bhfuil ar an bhfoireann acadúil (2)** | An tUasal James Cotter<br>Paula Murray, Uasal | 6<br>6 | 6<br>6 | 100%<br>100% |
| **Oifigigh tofa ó Aontas na Mac Léinn (3)** | An tUasal Leon Diop<br>Niamh Halpenny, Uasal,<br>Aoife Fennell, Uasal,<br>Kim Lockyer, Uasal[1]<br>Katie Deegan, Uasal[2] | 6<br>5<br>5<br>1<br>1 | 6<br>5<br>5<br>1<br>1 | 100%<br>100%<br>100%<br>100%<br>100% |
| **Mac Léinn iarchéime (1)** | An tUasal Kilian Brennan | 5 | 1 | 20% |
| **Ainmní Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann (IBEC) (1)** | Christine Moran, Uasal | 6 | 4 | 67% |
| **Ainmní Chomhdháil na gCeardchumann (ICTU) (1)** | Sheila Nunan, Uasal | 6 | 3 | 50% |
| **Ainmnithe Iontaobhaithe Choláiste Phádraig (3)** | An tOllamh Oirmhinneach Michael Mullaney an Moinsíneoir Jim Cassin<br>An Dr Marie Griffin | 6<br>6<br>6 | 6<br>5<br>4 | 100%<br>83%<br>67% |
| **Céimithe na hollscoile (2)** | Maura Moore, uasal agus<br>An tUasal Michael Smyth | 6<br>6 | 5<br>6 | 83%<br>100% |
| **Ainmnithe Sheanad Ollscoil na hÉireann (2)** | An tOllamh Mary Corcoran ar Shaoire Shabóideach do mhí Mheán Fómhair 2018<br>Aan tOllamh Martin Curley | 5<br>6 | 5<br>5 | 100%<br>83% |
| **Ainmnithe an Aire (2)[3]** | Folamh<br>Folamh | | | |
| **Comhaltaí seachtracha eile (4)** | An tUasal Peter Cassells<br>An tUasal Richard George (D'éirigh sé as i mí an Mheithimh 2018)<br>An tUasal Eugene Magee<br>Madeleine Mulrennan, Uasal | 6<br>5<br>6<br>6 | 5<br>5<br>4<br>6 | 83%<br>83%<br>67%<br>100% |

*Tábla 3. Comhaltas agus iad siúd a d'fhreastail ar chruinnithe an Údaráis Ceannais do 2017/18*

[1] Tháinig Kim Lockyer, Uasal, in ionad Aoife Fennell, Uasal

[2] Tháinig Katie Deegan, Uasal, in ionad Niamh Halpenny, Uasal

[3] Tá Ainmnithe an Aire le fáil fós

## An Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánaigh (ar lean)

Ba é an chéad chinneadh 'ardleibhéil' ná go raibh córas chun Orduithe Ceannaigh a cheadú in easnamh. Tá sé deimhnithe ag an mbainistíocht don Údarás Ceannais, tar éis treoirthionscadal rathúil a chur i gcrích, gur chomhaontaigh Feidhmeannacht na hOllscoile Doiciméad um Thionscnamh Tionscadail i mí Eanáir 2019 agus go bhfuil pleananna curtha i bhfeidhm chun Próiseáil Orduithe Ceannaigh a thosú roimh dheireadh 2019. Bhain an dara cinneadh leis na rialuithe ar baineadh feidhm astu chun tuairisceán ar líon na mac léinn don ÚAO a ríomh. Rinne Oifig an Sparánaí an t-éileamh ar shaortháillí mac léinn agus na rialuithe a bhaineann leis níos doichte. Dheimhnigh Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste go raibh siad sásta leis an tuairisceán is déanaí le linn iniúchadh 2017/18. Bhain an tríú cinneadh le polasaí Slándála TF na hollscoile. I mí Feabhra 2019, reáchtáladh agallaimh don phost mar 'Oifigeach Slándála TF' agus rinneadh tairiscint ar fhostaíocht. Admhaíonn an tÚdarás Ceannais go bhfuil gá le hinfheistíocht shuntasach a dhéanamh i réimse iomlán na ngníomhaíochtaí inár roinn Seirbhísí TF, Tugtar breac-chuntas ar an laige seo inár gcórais agus inár dtacaíochtaí maidir le Seirbhísí TF i bpointe 6 san rannán "Laigí i Rialú Inmheánach' thíos.

- Ó dheireadh na bliana, rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste obair iniúchóireachta allamuigh maidir le hIniúchadh Reachtúil na Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018. Rinneadh obair iniúchóireachta allamuigh tosaigh i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2018 agus fuarthas dréachtlitir bhainistíochta i ndiaidh na hoibre. Rinneadh an obair iniúchóireachta allamuigh dheiridh sa tréimhse Eanáir go Feabhra 2019.

- Tá an tÚdarás Ceannais den tuairim go bhfuil próiseas leanúnach i bhfeidhm chun na rioscaí suntasacha atá ann don ollscoil maidir le straitéis, beartais, aidhmeanna agus cuspóirí a bhaint amach a shainaithint, a mheas agus a bhainistiú agus go raibh sé i bhfeidhm don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018 agus suas go dtí dáta faofa na Ráiteas Airgeadais Bliantúil, agus go ndéanann an tÚdarás Ceannais é a athbhreithniú go rialta. Níor tharla aon fhorbairtí lenar bhain tábhacht airgeadais sa bhliain airgeadais go dtí an 30 Meán Fómhair 2018. seachas iad sin a nochtadh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla. Níor tugadh faoi aon chomhfhiontair nua le linn na bliana.

**(ii) Sárú ar Rialú Inmheánach – Soláthar**

Sainaithníodh na cásanna seo a leanas de neamhchomhlíonadh soláthair in iniúchadh Ráitis Airgeadais 2017/2018

Glacann Ollscoil Mhá Nuad leis nach raibh soláthar Shainchomhairleoir TF ag cloí le soláthar poiblí. Soláthar éigeandála ba ea é seo de bharr cúinsí gan choinne agus mar thoradh air sin tréigeadh an comórtas soláthair phoiblí a bhí ar siúl ag an am agus ceapadh sainchomhairleoir gan chomórtas. B'ionann agus €106k luach iomlán na n-íocaíochtaí a rinneadh leis an sainchomhairleoir sin.

Bhí dhá chás ina bhféadfadh sé gur sháraigh Ollscoil Mhá Nuad a cuid nósanna imeachta agus a cuid treoirlínte féin i dtaca le soláthar poiblí i ngan fhios di féin. Sa chéad chás, ghlac Ollscoil Mhá Nuad le trí mheastachán maidir le húsáid gníomhaireachta fostaíochta. B'ionann agus €143k na híocaíochtaí iomlána a rinneadh leis an ngníomhaireacht ach bhí corrlach na gníomhaireachta os cionn bunphá agus costais ghaolmhara níos lú ná €25k. Chuir an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste in iúl don Ollscoil go raibh sé deimhnithe aige leis an Oifig um Sholáthar Rialtais gur cheart go mbeadh a soláthar á rialú ag luach iomlán na híocaíochta leis an ngníomhaireacht seachas an soláthar a bheith á spreagadh ag corrlach na gníomhaireachta, an cleachtas caighdeánach a raibh tuiscint fhorleathan air. Sa dara cás, chuir Ollscoil Mhá Nuad síneadh bliana le conradh a bronnadh ar bhonn leanúnach in 2012 agus ag an am céanna lorgaíodh tairiscint i gcomhair seirbhís laghdaithe nuair a earcaíodh ball foirne chun cuid mhór den tseirbhís a bhí seachfhoinsithe roimhe sin a chur ar fáil. Íocadh €131k leis an gcuideachta le linn thréimhse an tsínidh a fógraíodh don mhargadh.

Ar deireadh, d'fhéadfadh sé gur sháraigh Ollscoil Mhá Nuad a cuid nósanna imeachta féin maidir le soláthar agus na treoirlínte maidir le soláthar poiblí i dtaca le ceannacháin áirithe a rinneadh maidir le IReL. Le linn na bliana, fad agus a bhí Oifig Soláthair Ollscoil Mhá Nuad ag obair chun an gaol idir an ollscoil agus soláthraithe IReL a thabhairt chun rialtachta, rinne IReL athnuachan ar 11 chonradh a raibh caiteachas €627k ag baint leo i rith na bliana. Creideann foireann IReL gur soláthraithe aonair a bhí sna 11 sholáthraí sin. Glacann Ollscoil Mhá Nuad leis nach ndearnadh tástáil an mhargaidh air seo trí fhógraí a fhoilsiú ar e-Tenders. Tá an ollscoil tar éis nósanna imeachta maidir le soláthar a chur i bhfeidhm lena chinntiú go mbeidh conarthaí nua a bhaineann le IReL faoi réir nós imeachta iomaíoch. Déanfar aon nósanna imeachta neamhiomaíocha a bhféadfaí tabhairt fúthu a dhoiciméadú go cuí.

**(iii) Caillteanais Ábhair agus Calaois**

Le linn na bliana atá faoi athbhreithniú, cuireadh isteach ar chuntais ríomhphoist seachtar ball foirne ar a laghad, lena n-áirítear comhalta amháin den Údarás Ceannais. Mar thoradh ar an gcur isteach a rinneadh ar chuntas ríomhphoist an bhaill foirne de chuid na hollscoile a bhí freagrach as pinsin, chaill ball foirne eile €28k trí chalaois. D'aisíoc an ollscoil, i ndiaidh di tuairisc a fháil ó shainchomhairleoir seachtrach, BLI, an tsuim iomlán a chaill an ball foirne a bhí i gceist. Rinneadh an cheist a thuairisciú don Choimisiún Cosanta Sonraí agus tá fiosrúchán ar siúl. Tá na moltaí a rinneadh i dtuairisc an tsainchomhairleora sheachtraigh á gcur i bhfeidhm faoi láthair.

## An Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánaigh (ar lean)

**(iv) Athbhreithniú ag an gCoiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus ag an Údarás Ceannais**

Deimhníonn an tÚdarás Ceannais go ndearna an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú ar an Ráiteas seo ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh ag an gcruinniú a bhí aige ar an 1 Aibreán 2019 lena chinntiú go dtugtar léiriú cruinn ann ar an gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse. Tugann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus an tÚdarás Ceannais faoi deara gur dheimhnigh na hiniúchóirí inmheánacha, Mazars, nárbh eol dóibhsean óna gcuid oibre iniúchta aon ní a bheadh ag teacht salach ar an Ráiteas ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh. Bhraith an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus an tÚdarás Ceannais ar dheimhnithe ón mbainistíocht go léiríonn na córais rialaithe faoi mar a dhéantar cur síos orthu sna Ráitis Airgeadais an córas rialaithe atá i bhfeidhm san ollscoil.

**(v) Timpeallacht Rialaithe Chuí**

Deimhníonn an tÚdarás Ceannais go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí curtha i bhfeidhm aige lena chinntiú go ndéantar an ollscoil a bhainistiú agus a rialú ar bhealach atá ceart agus rialta. I measc na rialuithe a cuireadh i bhfeidhm tá struchtúr eagraíochtúil atá sainithe go soiléir, córas srianta agus ceartúchán cuí idir bainistíocht agus rialachas, polasaithe agus nósanna imeachta scríofa lena n-áirítear oiliúint i dtaca le polasaithe agus nósanna imeachta, polasaí um bainistiú riosca, próiseas láidir maidir le hiniúchadh inmheánach, athbhreithniú rialta ag Feidhmeannacht na hOllscoile ar oibríochtaí, tuairisciú rialta ón Uachtarán chuig an Údarás Ceannais agus rialuithe córais agus buiséid. Bhraith an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus an tÚdarás Ceannais ar dheimhnithe ón mbainistíocht go léiríonn na córais rialaithe faoi mar a dhéantar cur síos orthu sna Ráitis Airgeadais an córas rialaithe atá i bhfeidhm san ollscoil.

**(vi) An próiseas chun riosca gnó a shainaithint**

Deimhníonn an tÚdarás Ceannais go dtugtar faoi phróiseas foirmiúil ar bhonn rialta chun rioscaí a shainaithint, a mheas agus a mhaolú. Déantar an clár rioscaí a nuashonrú tar éis comhairliúchán forleathan san ollscoil. Déanann fochoiste d'Fheidhmeannacht na hOllscoile na hábhair atá ardaithe ag pobal na hollscoile a thiomsú agus cuirtear clár rioscaí príomhúil agus clár rioscaí achomair faoi bhráid an Údaráis Ceannais. Déanann an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca athbhreithniú ar an bpróiseas óna dtagann an doiciméad deiridh. Tá an Rúnaí mar fheighlí ar an gclár rioscaí agus déanann sé faireachán ar ghluaiseachtaí le linn na bliana. Déantar aird Fheidhmeannacht na hOllscoile, an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca agus an Údaráis Ceannais a dhíriú ar aon athrú suntasach ar ualú riosca. Is ann do nósanna imeachta chun measúnú a dhéanamh ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le riosca i gcás cinntí suntasacha gnó. Orthu siúd tá malairtí a scrúdú (lena n-áirítear gan dada a dhéanamh), bainistíocht thionscnaimh an tionscadail a bhreithniú, faisnéis a bhailiú faoi na comhpháirtithe gnó atá bainteach leis, na réamh-mheastacháin a cheistiú agus taifeadadh agus faireachán a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas.

**4. Deimhniú ar Athbhreithniú**

Rinne an tÚdarás Ceannais athbhreithniú foirmiúil ar éifeachtacht an rialaithe inmheánaigh ar an 26 Aibreán 2018 agus ar an 11 Aibreán 2019.

**5. Laigí ar gá iad a nochtadh**

Rinne an tÚdarás Ceannais athbhreithniú ar éifeachtacht an Chórais Rialuithe Inmheánaigh ag cruinniú dá chuid a reáchtáladh ar an 26 Aibreán 2018. Ag an gcruinniú sin, tharraing an Sparánaí aird ar gach nochtadh a rinneadh chomh maith leis an mbunús ar a ndearnadh é agus na dearbhuithe a raibh an tÚdarás Ceannais ag brath orthu do gach pointe. Rinneadh athbhreithniú eile ag an gcruinniú a bhí ag an Údarás Ceannais ar an 11 Aibreán 2019 agus ag an gcruinniú sin thug an Sparánaí breac-chuntas arís ar chineál an nochta agus ar an mbunús ar ar tugadh na dearbhuithe. Ar an dá ócáid, tháinig an tÚdarás Ceannais ar an tuairim go raibh córas éifeachtach i dtaca le rialuithe inmheánacha i bhfeidhm san ollscoil.

Tugadh breac-chuntas ar na trí chinneadh 'ardleibhéil' a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus nach raibh ann ach iad, faoi Nóta 3(ii) thuas. Ina theannta sin, rinne an tArd-Reachtaire 13 chinneadh 'meánleibhéil' agus cinneadh amháin 'íseal-leibhéil'. Díríodh aird an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca orthu ar an 9 Aibreán 2018 agus tugadh fógra don Údarás Ceannais ina leith ar an 26 Aibreán 2018. Thug an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca le fios go raibh siad sásta leis na gníomhartha bainistíochta a léiríodh chun aghaidh a thabhairt ar na cinntí.

As na sé cinn d'athbhreithnithe iniúchta inmheánacha a cuireadh i láthair le linn na bliana, i gcás cúig cinn de na hathbhreithnithe, is iad Mazars a chuir an leibhéal dearbhaithe is airde ar fáil don Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca maidir le dóthanacht fheidhmiú na rialuithe inmheánacha chun na rioscaí bunúsacha, a bhfuil an ghníomhaíocht atá faoi athbhreithniú i mbaol uathu, a mhaolú nó a bhainistiú. In athbhreithniú iniúchta amháin, Earcaíocht agus Conarthaí Fostaíochta, léiríodh nach bhféadfaí ach 'dearbhú teoranta' a thabhairt sa chás sin. Tá dul chun cinn déanta ag an ollscoil cheana féin maidir le haghaidh a thabhairt ar na réimsí laigí a sainaithníodh agus cuirfidh sí í féin faoi athbhreithniú leantach laistigh de dhá bhliain chun a dheimhniú di féin go bhfuil an leibhéal is airde sroichte i dtaca le dóthanacht agus ag feidhmiú rialuithe.

# An Ráiteas ar an gCóras Rialuithe Inmheánaigh (ar lean)

**6. Laigí sa Rialú Inmheánach**
Tá réimse amháin ina bhfuil an tÚdarás Ceannais den tuairm gur gá laigí bunúsacha sa rialú inmheánach a nochtadh. Shainaithin an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus ár n-iniúchóirí inmheánacha, Mazars, nach bhfuil aon 'Phlean Athshlánaithe ó Thubaiste agus Leanúnachais Gnó' ann le blianta beaga anuas. Ina theannta sin, tharla eachtraí a tharraing aird ar laigí i gcóras thaifid na mac léinn, agus sa tslándáil a bhaineann lenár suíomh gréasáin agus lenár ríomhphost. Mar fhreagairt do na laigí a sainaithníodh, tá an ollscoil i mbun atheagrú mór ar Roinn na Seirbhísí TF. Tar éis di Príomhoifigeach Faisnéise agus Nuálaíochta (CIIO) a earcú chun an fheidhm a threorú (chomh maith le feidhm na leabharlainne), Go dtí seo, tá triúr de na baill foirne earcaithe. Chomh maith leis sin, choimisiúnaigh an ollscoil tuarascáil ó IBM Consulting faoi athléimneacht na timpeallachta TF. Tá 53 moladh sa tuarascáil agus tá obair leanúnach ar siúl maidir le haghaidh a thabhairt orthu siúd. Mar sin féin, d'aithin an tÚdarás Ceannais go mbeidh infheistíocht shuntasach de dhíth chun aghaidh a thabhairt ar na ceisteanna go léir atá sainaitheanta ag iniúchóirí agus eile. Tá foinsiú an airgid don infheistíocht sin mar thosaíocht anois ag Feidhmeannacht na hOllscoile. Idir an dá linn, leanfar ar aghaidh le gníomhaíocht feabhais chun an cás a fheabhsú.

**7. Reachtaíocht Soláthair a Chomhlíonadh**
Dearbhaíonn an tÚdarás Ceannais go bhfuil nósanna imeachta soláthair i bhfeidhm agus gur cuireadh gach sealbhóir buiséid ar an eolas fúthu. Léiríonn na nósanna imeachta treoracha AE, reachtaíocht agus polasaí an rialtais de réir mar a thuigimid iad. Deimhníonn an tÚdarás Ceannais go bhfuil seirbhísí agus creataí na hOifige um Sholáthar Rialtais, agus na Seirbhíse Soláthair Oideachais á n-úsáid ag an ollscoil, i gcás inarb infheidhme.

Arna shíniú thar ceann an Údaráis Ceannais an 11 Aibreán 2019.

| | |
|---|---|
| ____________________________ | ____________________________ |
| An Banbharún Nuala O'Loan | an tOllamh Philip Nolan |
| Cathaoirleach | Uachtarán |

## Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach
**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2018**

| | Nótaí | 2018 Comhdhlúite €'000 | 2018 Ollscoil €'000 | 2017 Comhdhlúite €'000 | 2017 Ollscoil €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontais Stáit - Athfhillteach | 3 | 23,613 | 23,613 | 20,913 | 20,913 |
| Táillí mac léinn | 4 | 70,615 | 70,615 | 64,575 | 64,575 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 5 | 27,821 | 27,821 | 25,281 | 25,281 |
| Amúchadh deontas caipitil iarchurtha | 14 | 2,681 | 2,681 | 2,539 | 2,539 |
| Ioncam eile | 6 | 13,045 | 12,526 | 13,175 | 13,828 |
| Ioncam ó infheistíocht | 7 | 252 | 252 | 279 | 279 |
| Glanchistiú iarchurtha le haghaidh Pinsean | 21 | 25,785 | 25,785 | 24,544 | 24,544 |
| **Ioncam iomlán** | | 163,812 | 163,293 | 151,306 | 151,959 |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais foirne | 9 | 94,829 | 94,255 | 89,049 | 88,636 |
| Costais oibriúcháin eile | 11 | 50,040 | 50,563 | 47,338 | 46,784 |
| Dímheas | 12 | 8,198 | 8,198 | 7,295 | 7,295 |
| Us agus costais airgeadais eile | 10 | 10,803 | 10,803 | 8,089 | 8,089 |
| **Caiteachas iomlán** | | 163,870 | 163,819 | 151,771 | 150,804 |
| **(Easnamh)/Barrachas roimh ghnóthachain chaillteanais eile agus sciar an bharrachais oibriúcháin de chomhfhiontair agus de chomhlachais** | | (58) | (526) | (465) | 1,155 |
| Gnóthachan ar dhiúscairt sócmhainní seasta | | 8 | 8 | - | - |
| Caillteanas ar athluacháil réadmhaoine infheistíochta | 15 | (75) | (75) | | |
| Sciar den bharrachas oibriúcháin i gcomhfhiontar | 16 | 667 | 667 | 500 | 500 |
| **Barrachas roimh cháin** | | 542 | 74 | 35 | 1,655 |
| Cánachas | 8 | - | - | - | - |
| **Barrachas don bhliain** | | 542 | 74 | 35 | 1,655 |
| (Caillteanas)/gnóthachan achtúireach maidir le scéimeanna pinsin | 21 | 9,890 | 9,890 | (31,211) | (31,211) |
| Coigeartú ar Phinsean Cistithe Iarchurtha | 21 | (9,890) | (9,890) | 31,211 | 31,211 |
| **Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain** | | **542** | **74** | **35** | **1,655** |
| Arna léiriú ag: | | | | | |
| Ioncam cuimsitheach dearlaice don bhliain | | - | - | - | - |
| Ioncam cuimsitheach srianta don bhliain | 23 | (374) | (374) | (3,390) | (3,390) |
| Ioncam cuimsitheach neamhshrianta don bhliain | | 916 | 448 | 3,425 | 5,045 |
| | | **542** | **74** | **35** | **1,655** |
| **Barrachas don bhliain inchurtha i leith:** | | | | | |
| Leasanna neamh-urlámhais | | - | - | - | - |
| Ollscoil | | 542 | 74 | 35 | 1,655 |

Baineann gach mír ioncaim agus caiteachais le gníomhaíochtaí leantacha.

## Ráiteas Comhdhlúite faoi Shreabhadh Airgid
**An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2018**

| | Nótaí | 2018<br>€'000 | 2017<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | | |
| Easnamh don bhliain roimh bharrachas oibriúcháin na gcomhfhiontar agus na gcomhlachas | | (58) | (465) |
| **Coigeartú do mhíreanna neamhairgid** | | | |
| Dímheas | 12 | 8,198 | 7,295 |
| Deontais iarchurtha chaipitil scaoilte chuig ioncam | 14 | (2,681) | (2,539) |
| Laghdú/(Méadú) ar infháltais | 18 | 1,805 | (1,098) |
| Méadú ar chreidiúnaithe | 19 | 307 | 4,696 |
| Ioncam infhála ó infheistíocht | 7 | (252) | (279) |
| Dáileadh ó chomhfhiontar | 16 | 700 | 500 |
| **Coigeartú do ghníomhaíochtaí infheistíochta nó maoinithe** | | | |
| Ús iníoctha | 10 | 1,507 | 1,525 |
| **Glan insreabhadh airgid ó oibriúcháin** | | 9,526 | 9,635 |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | | |
| Fáltais ó dheontais chaipitil | 14 | 3,135 | 1,893 |
| Ioncam ó infheistíocht | 7 | 252 | 279 |
| Íocaíochtaí a rinneadh chun sócmhainní seasta a fháil | | (6,063) | (9,606) |
| Fáltais ó dhíol sócmhainní seasta | | 8 | - |
| **Glan (eis-sreabhadh) airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | (2,668) | (7,434) |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | | |
| Ús íoctha | 10 | (1,507) | (1,525) |
| Iasacht nua neamhurraithe | 20 | - | 26,765 |
| Aisíocaíocht iasachta | | (937) | - |
| **Glan (eis-sreabhadh)/insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe** | | (2,444) | 25,240 |
| **Méadú ar airgead agus ar choibhéisí airgid sa bhliain** | | **4,414** | **27,441** |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag tús na bliana** | 24 | 68,927 | 41,486 |
| **Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana** | 24 | 73,341 | 68,927 |
| **Gluaiseachtaí in airgead agus i gcoibhéisí airgid** | | **4,414** | **27,441** |

| | 2018 Comhdhlúite | 2018 Ollscoil | 2017 Comhdhlúite | 2017 Ollscoil |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **6 Ioncam Eile** | | | | |
| Árais Chónaithe | 5,290 | 5,290 | 4,519 | 4,519 |
| Cíosanna agus lamháltais | 1,531 | 1,531 | 1,470 | 1,470 |
| Ioncam eile | 6,224 | 5,705 | 7,186 | 7,839 |
| | 13,045 | 12,526 | 13,175 | 13,828 |

| **Deontóir** | Iarchur Tosaigh 1 Deireadh Fómhair 2017 | Deontas Faighte | Iarchur Deiridh 30 Meán Fómhair 2018 | An méid a tógadh Chuig Ioncam |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| ÚAO | 680 | 2,406 | 1,215 | 1,871 |
| Fiontraíocht Éireann | (5) | 636 | 105 | 526 |
| An Roinn Oideachais agus Scileanna | - | 75 | (29) | 104 |
| An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta | - | 191 | (111) | 302 |
| An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige | 8 | - | - | 8 |
| | 683 | 3,308 | 1,180 | 2,811 |

| | 2018 Comhdhlúite | 2018 Ollscoil | 2017 Comhdhlúite | 2017 Ollscoil |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **7 Ioncam ó Infheistíocht** | | | | |
| Ioncam infheistíochta ó chistí srianta | 167 | 167 | 159 | 159 |
| Ús infhaighte | 85 | 85 | 120 | 120 |
| | 252 | 252 | 279 | 279 |

| | 2018 Comhdhlúite | 2018 Ollscoil | 2017 Comhdhlúite | 2017 Ollscoil |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **8 Cánachas** | | | | |
| **Aitheanta sa ráiteas ar ioncam cuimsitheach** | | | | |
| **Cáin reatha** | | | | |
| Costas cánach reatha | - | - | - | - |
| **Costas cánach reatha** | - | - | - | - |
| **Cáin iarchurtha** | | | | |
| Costas cánach iarchurtha | - | - | - | - |
| **Costas iomlán cánach** | - | - | - | - |

| | 2018 | | 2017 | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhdhlúite | Ollscoil | Comhdhlúite | Ollscoil |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **9 Costais Foirne** | | | | |
| Tuarastail* | 68,184 | 67,671 | 61,814 | 61,438 |
| Costais Slándála Sóisialta | 6,058 | 6,014 | 5,425 | 5,396 |
| Pinsean Fostóra | 4,098 | 4,081 | 3,830 | 3,822 |
| Costas Seirbhíse Pinsin FRS102 | 16,489 | 16,489 | 17,980 | 17,980 |
| Iomlán | 94,829 | 94,255 | 89,049 | 88,636 |

*Cuimsíonn tuarastail suim de €0.118m i gcomhair liúntas atá faofa ag an Roinn Oideachais agus Scileanna agus ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (2017: €0.131m) agus ragobair €0.006m (2017: €0.019m).

B'ionann íocaíochtaí foircinn/scaoilíocaíochtaí (lena n-áirítear iomarcaíocht reachtúil) agus €0.389m (2017: €0.386m).

B'ionann íocaíochtaí foircinn/scaoilíocaíochta (lena n-áirítear iomarcaíocht reachtúil) a raibh luach comhiomlán de bhreis agus €10,000 orthu agus €0.298m (2017: €0.257m).

Maidir le scaoilíocaíochtaí, ní dhearnadh aon chomhaontuithe i ndáil le blianta breise sa bhliain reatha ná sa bhliain roimhe sin.

Luach saothair foirne eile atá ar thuarastal ard, gan ranníocaíochtaí pinsin na bhfostaithe san áireamh

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | Uimhir | Uimhir |
| €60,000 go €70,000 | 85 | 82 |
| €70,001 go €80,000 | 65 | 126 |
| €80,001 go €90,000 | 130 | 94 |
| €90,001 go €100,000 | 64 | 30 |
| €100,001 go €110,000 | 24 | 25 |
| €110,001 go €120,000 | 27 | 12 |
| €120,001 go €130,000 | 10 | 4 |
| €130,001 go €140,000 | 13 | 29 |
| €140,001 go €150,000 | 19 | 1 |
| €150,001 go €160,000 | - | 1 |
| €160,001 go €170,000 | 1 | - |
| €170,001 go €180,000 | - | 1 |
| €180,001 go €190,000 | 1 | - |
| | 439 | 405 |

| An líon foirne de réir mórchatagóire: | Uimhir | Uimhir |
|---|---|---|
| Teagasc agus Taighde | 640 | 612 |
| Teicniúil | 41 | 42 |
| Riarachán agus Seirbhísí Lárnacha | 383 | 352 |
| Eile | 57 | 70 |
| | 1,121 | 1,076 |

**Príomhphearsanra Bainistíochta**

Is iad na príomhphearsanra bainistíochta na daoine sin a bhfuil údarás acu gníomhaíochtaí na h-ollscoile a phleanáil, a threorú agus a rialú agus a bhfuil sé de fhreagracht orthu sin a dhéanamh.

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Cúiteamh príomhphearsanra bainistíochta | | |
| Tuarastail | 1,758 | 1,615 |
| Sochair iarfhostaíochta | 106 | 101 |
| Sochair foircinn | - | - |
| | 1,864 | 1,716 |

San áireamh thuas tá tuarastal an Uachtaráin, €0.184m san iomlán (2017: €0.178m). Tá an tUachtarán ina bhall den "Scéim Eiseamláireach Pinsean" agus ní théann a chuid teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí na scéime.

| | Nótaí | 2018 Comhdhlúite | 2018 Ollscoil | 2017 Comhdhlúite | 2017 Ollscoil |
|---|---|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **10 Ús agus Costais Airgeadais Eile** | | | | | |
| Ús agus táillí eile bainc | | 237 | 237 | 253 | 253 |
| Ús agus táillí ar iasachtaí BEI | 20 | 1,270 | 1,270 | 1,272 | 1,272 |
| Muirear airgeadais pinsin | 21 | 9,296 | 9,296 | 6,564 | 6,564 |
| | | 10,803 | 10,803 | 8,089 | 8,089 |

| | 2018 Comhdhlúite | 2018 Ollscoil | 2017 Comhdhlúite | 2017 Ollscoil |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **11 Anailís ar Chaiteachas Iomlán de réir Gníomhaíochta** | | | | |
| Taisteal agus cothabháil - Náisiúnta | 1,612 | 1,584 | 1,404 | 1,404 |
| Taisteal agus cothabháil - Idirnáisiúnta | 1,023 | 1,023 | 1,035 | 1,011 |
| Fáilteachas agus féilteachas | 145 | 145 | 134 | 110 |
| Earraí Inchaite | 3,460 | 3,455 | 3,810 | 3,808 |
| Glantachán | 1,214 | 1,214 | 1,465 | 1,465 |
| Costais Fógraíochta agus PR | 1,279 | 1,276 | 901 | 895 |
| Deisiúcháin agus cothabháil ghinearálta | 3,832 | 3,832 | 3,702 | 3,702 |
| Fóntais | 2,171 | 2,171 | 2,093 | 2,093 |
| Ríomh-irisleabhair na leabharlainne taighde | 13,926 | 13,926 | 11,887 | 11,887 |
| Leabhair agus tréimhseacháin | 1,443 | 1,443 | 1,358 | 1,354 |
| Táillí iniúchta, gairmiúla agus comhairliúcháin * | 2,530 | 2,372 | 3,106 | 2,700 |
| Costais dlí | 533 | 523 | 347 | 337 |
| Cíos, rátaí & árachas | 2,324 | 2,317 | 2,220 | 2,219 |
| Caipitíocht | 1,687 | 1,687 | 1,833 | 1,833 |
| Scoláireachtaí | 5,676 | 5,676 | 6,121 | 6,121 |
| Costas Earcaíochta | 138 | 138 | 241 | 210 |
| Costais a bhaineann le fostaithe | 655 | 645 | 490 | 469 |
| Trealamh | 2,793 | 2,793 | 2,509 | 2,497 |
| Costais agus táillí eile | 3,599 | 3,593 | 2,682 | 2,669 |
| Soláthar le haghaidh bearnú sócmhainne airgeadais (Nóta 18)** | - | 750 | - | - |
| | 50,040 | 50,563 | 47,338 | 46,784 |

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| *San áireamh i gcostais oibriúcháin eile tá táillí i ndáil le:* | | |
| Iniúchóirí cúnta | 10 | 39 |
| Iniúchadh seachtrach (An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste) | 76 | 76 |
| Iniúchadh inmheánach-Mazars | 40 | 22 |
| ***Costais sainchomhairleoireachta de réir catagóire** | | |
| Ailtirí/Suirbhéirí | 129 | 247 |
| Dearadh TF agus Comhairleoireacht | 330 | 586 |
| Seirbhísí Gairmiúla Míochaine | 266 | 223 |
| Acmhainní Daonna | 275 | 198 |
| Aistriúchán/Tras-scríobh | 31 | 116 |
| Caidreamh Poiblí agus Margaíocht | 258 | 406 |
| Airgeadas | 148 | 258 |
| Eile | 967 | 935 |
| ***Iomlán na dtáillí iniúchta, gairmiúla agus comhairliúcháin*** | 2,530 | 3,106 |

B'ionann agus €2.157m méid iomlán na gcostas comhairliúcháin sa bhliain reatha (2017: €0.162m). Cuirtear an méid sin san áireamh san Obair idir Lámha sna Sócmhainní Seasta (Nóta 12)

** Tá soláthar le haghaidh bearnú iasachta de €0.75m atá dlite ó Innovation Value Services Limited, fochuideachta de chuid na hollscoile, aitheanta i gcostais oibriúcháin Eile sa bhliain reatha.

**21 Sochair Scoir - (ar lean)**

**Anailís ar an méid a chuirtear de mhuirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| **Costais foirne** | | |
| Costas reatha seirbhíse | (20,570) | (21,802) |
| Muirear iomlán ar chostais oibriúcháin | (20,570) | (21,802) |
| **Muirir airgeadais eile** | | |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsin | (9,296) | (6,564) |
| Glanmhuirear airgeadais | (9,296) | (6,564) |
| **Cistiú Iarchurtha do Phinsin sa bhliain** | | |
| Cistiú in-aisghabhála maidir le costais phinsin sa bhliain reatha | 29,866 | 28,366 |
| Ranníocaíochtaí de chuid an fhostóra iníoctha leis an Stát | (4,081) | (3,822) |
| Glanchistiú Iarchurtha do Phinsin sa bhliain | 25,785 | 24,544 |

**Anailís ar an méid a chuirtear de mhuirear ar an Ráiteas ar Ioncam agus ar Chaiteachas Cuimsitheach**

| | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|
| Gnóthachan/(caillteanas) ó thaithí | 542 | ( 11,481) |
| Athrú ar fhoshuíomhanna achtúireacha | (10,432) | 42,692 |
| (Caillteanas)/Gnóthachan achtúireach | (9,890) | 31,211 |

**Anailís ar ghluaiseacht i ndualgas sochair shainithe sa bhliain**

| | 2018 | 2017 |
|---|---|---|
| Luach reatha an dualgais sochair shainithe ag tús na bliana | (445,554) | (455,444) |
| Costas reatha seirbhíse | (20,570) | (21,802) |
| Costas Úis | (9,296) | (6,564) |
| Sochair Íoctha | 6,583 | 7,045 |
| (Caillteanas)/Gnóthachan achtúireach | (9,890) | 31,211 |
| Luach reatha an dualgais sochair shainithe ag deireadh na bliana | (478,727) | (445,554) |

### 23 Cúlchistí Srianta

Is mar seo a leanas atá na cúlchistí le srianta:

| | Deontais chaipitil nár caitheadh | Tabhartais | 2018 Iomlán | 2017 Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Iarmhéideanna ar an 1 Deireadh Fómhair 2017** | | 1,494 | 1,494 | 4,884 |
| Ioncam ó infheistíocht | | 167 | 167 | 159 |
| Deontais chaipitil úsáidte | | | | (3,549) |
| Caiteachas | | (466) | (466) | |
| (Laghdú) ar luach margaidh infheistíochtaí | | (75) | (75) | |
| **Ioncam iomlán cuimsitheach srianta don bhliain** | | (374) | (374) | (3,390) |
| **an 30 Meán Fómhair 2018** | | 1,120 | 1,120 | 1,494 |

### 24 Airgead agus Coibhéisí Airgid

| | l Deireadh Fómhair 2017 | eabhadh airgid | :án Fómhair 2018 |
|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 |
| Comhdhlúite | | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid | 68,927 | 4,414 | 73,341 |
| | **68,927** | **4,414** | **73,341** |

San áireamh sna hiarmhéideanna airgid ag deireadh na bliana tá €44.3m a bhaineann le hiasacht BEI. Caithfear na cistí sin ar thionscadail chaipitil údaraithe a dtugtar breac-chuntas orthu i nóta 25 thíos.

### 25 Caipiteal agus Gealltanais Eile

Ní raibh aon soláthar déanta do na gealltanais chaipitil seo a leanas ar an 30 Meán Fómhair 2018:

| | 2018 | | 2017 | |
|---|---|---|---|---|
| | Comhdhlúite | Ollscoil | Comhdhlúite | Ollscoil |
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Gealltanais a bhfuil conradh ann ina leith | 701 | 701 | 521 | 521 |
| Gealltanais atá Údaraithe ach nach bhfuil Conraithe go fóill | 45,305 | 45,305 | | |
| | 46,006 | 46,006 | 521 | 521 |

San áireamh sna gealltanais chonraithe tá €0.27m a bhaineann le háiseanna spóirt agus €0.44m chun limistéir shóisialta do mhic léinn a uasghrádú.

I measc na ngealltanas údaraithe, tá €23.4m le haghaidh Ionad Eolaíochta Teicneolaíochta agus Nuálaíochta, €14.8m i gcomhair Ionad Mac Léinn nua, €5.7m i gcomhair páirceanna spóirt nua, €1m i gcomhair thírdhreachtú na ríochta poiblí, €0.3m chun athchóiriú a dhéanamh ar fhoirgneamh na nEalaíon, €0.1m chun árais chónaithe mac léinn a dhearadh.

